Luamhán a dhéanamh
(An Madra "Glig")

Ullmhúcán

SCILEANNA	Dearadh agus Déanamh, ag tuar, ag imscrúdú agus ag tástáil
NASCADH	**Amharcealaíona: Snáthaonad; Tógáil**
CUSPÓIRÍ	Snáithe agus Snáithaonaid, Fuinneamh agus Fórsaí
ÁBHAIR	Fíoraithe (An madra + eireaball/teanga) Cairtchlár (bosca calóga arbhair). Siosúr, pinn luaidhe daite nó criáin Fáiscíní páipéir
ULLMHÚCHÁN	Déan fótachóip den dá fhíoraí agus greamaigh iad don chairtchlár nó déan an fótachóipeáil díreach ar chairtchláir.
EOLAS BREISE	Má dhéanann tú taobh amháin de luamhán a bhrú nó a tharraingt cuireann tú brú nó tarraingt ar an dtaobh eile ach in a mhalairt de threo. Meaisíní simplí is ea luamháin atá déanta as barraí righne ar féidir iad a chasadh go héasca thart ar phointe fosaithe. Is féidir luamháin a úsáid chun meáchain troma a ardú nó chun treo fórsa a athrú (m.s. nuair a shuíonn tú ar thaobh amháin de mhaide corrach ardaíonn an taobh eile, nó nuair a bhrúnn tú síos ar scriúire ardaíonn an claibín ón gcanna péint) Is féidir bréagáin ina mbaintear feidhm as luamhán a dhearadh agus a dhéanamh.
SPRIOC CHEISTEANNA	Is mian le Máire madra a dhéanamh gur féidir leat a eireaball a chroitheadh agus a theanga a shá amach. Tá Máire den tuairim gur féidir é seo a dhéanamh le cabhair luamháin. Ceistigh na páistí faoi luamháin: "Dá mbeadh tú ag iarraidh canna péint a oscailt cad a úsáidfeá?" (Déanfaidh siad tagairt do scriúire nó bonn airgid) Déan maide corrach a phlé leo. Ceistigh iad faoi threo an fhórsa m.s. má bhrúnn tú síos ar fhoirceann amháin cén treo a théann an foirceann eile.
SÁBHÁILTEACHT	**Abhair aire leis na siosúir.** **Bí cúramach ag déanamh na bpoll do na fáiscíní páipéir.** **An gnáth aire a thabhairt má tá maide corrach á úsáid agat.**

Luamhán a dhéanamh (An Madra "Glig")

GNÍOMHAÍOCHT	"Glig" a dhéanamh – madra gur féidir leis a theanga a shá amach nuair a luascann tú a eireaball. Gearr amach an formad dronuilleogach den madra. Déan poill ag A agus B don bhfáiscín páipéir. Fill an cárta fan na línte briste. Tar éis an cárta a bheith fillte gearr amach áit don bhéal (fan an líne corcra). Gearr amach an teanga/eireaball agus déan poll ag C. Sleamhnaigh an teanga tríd an bpoll a ghearr tú don bhéal agus ón dtaobh istigh cuir an fáiscín páipéir trí na poill C, A agus B. Anois croith a eireaball agus féach cad a tharlaíonn don teanga!
LEATHNÚ	An féidir leis na páistí bréagán eile ina mbaintear feidhm as luamhán a dhearadh agus a dhéanamh? An féidir leo puipéad a dhearadh agus a dhéanamh? *Tá leagan splancbhunaithe den ghníomhaíocht seo ar fáil ar www.primaryscience.ie*

Luamhán a dhéanamh

(An Madra “Glig”)



Luamhán a dhéanamh

(An Madra “Glig”)